



Imlitir 0001/2013

Chuig Údaráis na mBunscoileanna, na n-Iarbhunscoileanna, na Scoileanna Speisialta agus Seirbhísí Oideachais Eile

**Comhchlár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil  
Leantach do Mhúinteoirí atá ag obair i dTacaíocht  
Foghlama agus Oideachas Speisialta – 2013/2014**

1. **Cláir 2013/2014**

Mar chabhair do scoileanna agus do sheirbhísí oideachais chun freastal ar riachtanais scoláirí a bhfuil tacaíocht foghlama uathu agus i dteagasc scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, déanfar comhchlár diplóma iarchéime oiliúna nua um fhorbairt ghairmiúil leantach a thairiscint d'oidí i Meán Fómhair 2013.

Sa scoilbhliain 2013/2014, déanfar an comhchlár diplóma iarchéime oiliúint inseirbhíse seo a thairiscint sna hionaid seo a leanas:

- Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maoinis, B.Á.C. 6 (60 áit ar fáil)
- Coláiste Mhuire gan Smál, Cuarbhóthar Theas, Luimneach (50 áit ar fáil).
- An Scoil Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (30 áit ar fáil).
- Coláiste San Aingeal, Loch Gile, Sligeach (50 áit ar fáil).
- Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 (55 áit ar fáil).
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (25 áit ar fáil).
- Scoil an Oideachais, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Belfield, B.Á.C. 4 (25 áit ar fáil).

2. **Maoiniú**

Cuirtear maoiniú ar fáil le haghaidh na gclár sna Coláistí/Ollscoileanna thuasluaite do gach ionad ar leith ag an Rannóg Oideachais Múinteoirí sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

### 3. Aidhm agus Ábhar

Is é is aidhm don chlár ná oiliúint shubstaintiúil, idir theoiriciúil agus phraiticiúil, um fhorbairt ghairmiúil leantach a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag obair le scoláirí le riachtanais speisialta oideachais agus do mhúinteoirí atá ag obair i scoileanna aitheanta príomhshrutha agus i suíomhanna eile oideachais le scoláirí a bhfuil teagasc thacaíocht foghlama uathu agus, ar an gcaoi sin, cur le cumas na scoile ar an iomlán sa réimse seo. Bronnfaidh na Coláistí/Ollscoileanna atá páirteach cáilíochtaí ar rannpháirtithe a chríochnaíonn an clár go rathúil. **Déanfar measúnú ar na rannpháirtithe i dtaca le lántinreamh ag ionad an chláir, tascanna roghnaithe agus cleachtaí scríofa a chur i gcrích go sásúil (agus scrúduithe mar is cuí), maoirseacht ar a gcuid oibre i scoileanna/ionaid agus meastóireacht deiridh.** Cuirfidh na Coláistí/Ollscoileanna ar leith sonraí breise ar fáil d'iaratasóirí.

### 4. Fad agus Eagraíocht

**Fad bliana acadúla** atá sna cláir. **Ba chóir d'iarthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh ocht seachtaine saor ar an iomlán ó scoileanna nó ionaid** chun freastal ar an gclárionad cuí agus go mbeidh teagasc i suíomhanna oideachasúla na rannpháirtithe féin i gceist sa chuid eile den bhliain. Beidh difríochtaí áirithe idir na Coláistí/Ollscoileanna atá páirteach maidir le heagrú, measúnú agus teideal na gcáilíochtaí. Cuireann na cláir uile sa liosta thíos cáilíochtaí ar fáil atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna i réimse an oideachais speisialta agus na tacaíochta foghlama d'oidí sna róil seo a leanas: Oide Tacaíochta Foghlama agus/nó Oide Acmhainne, Oide i Scoil Speisialta agus Oide i Rang Speisialta.

### 5. Coláistí/Ollscoileanna

#### (a) **Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais, B.Á.C. 6 ([www.cice.ie](http://www.cice.ie))**

Is é atá mar thoradh an an gclár seo ná bronnadh Diplóma Iarchéime i dTacaíocht Foghlama agus Riachtanais Speisialta Oideachais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Maireann sé ó Mheán Fómhair 2013 go dtí Meitheamh 2014 agus cuimsíonn sé blocscaoileadh ón scoil/ionad ar feadh iomlán d'ocht seachtaine maraon le hobair faoi mhaoirsiú i scoileanna/ionaid na rannpháirtithe féin agus staidéar leantach i rith na bliana. Freastalóidh na rannpháirtithe ar an gcoláiste ar cheithre Shatharn i rith na bliana acadúla freisin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.

#### (b) **Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach ([www.mic.ul.ie](http://www.mic.ul.ie))**

Eagraítear an clár seo ag an Roinn Oideachais Speisialta. Is é atá mar thoradh air ná bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais, creidiúnaithe ag Ollscoil Luimnigh. Déanann an cúrsa imscrúdú domhain a thairiscint do gach iarthóir ar a rogha réimse de Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas, Disléicse, Neamhord Hipirghníomhaíochta Easpa Airde, Míchumais Ginearálta Éadroma Foghlama, Neamhoird Mhothúchánacha agus Iompair, siondróm Down nó réimsí eile i Riachtanais Speisialta Oideachais). Maireann an cúrsa ó Mheán Fómhair 2013 go dtí Bealtaine 2014 agus bíonn san áireamh ann blocscaoileadh ón scoil/ionad ar feadh tréimhsí sonraithe (iomlán d'ocht seachtaine) agus ceithre dheireadh seachtaine (tráthnóna Aoine, Satharn). Ba chóir dóibh siúd atá ag machnamh ar pháirt a ghlacadh sa chlár seo dul i dteagmháil leis an gcoláiste do bhreis sonraí maidir le blocscaoileadh. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.

#### (c) **Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ([www.nuigalway.ie](http://www.nuigalway.ie))**

Cuireann Scoil an Oideachais an clár seo ar fáil, agus is é atá mar thoradh air ná bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais. Maireann sé ó go luath i Meán Fómhair 2013 go dtí Bealtaine 2014 agus bíonn san áireamh ann scaoileadh ó scoileanna/ionaid do bhlocthréimhsí sainithe (iomlán d'ocht seachtaine thar an bhliain acadúil) chun freastal ar léachtaí agus ar cheardlanna san Ollscoil. Ina theannta sin, beidh ar mhúinteoirí freastal ar léachtaí agus ar cheardlanna san Ollscoil ar cheithre Shatharn. Tá obair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí féin i gceist freisin, agus staidéar leantach tacaithe i rith na bliana ag baint úsáide as éagsúlachta de mhodhanna soláthair ábhair. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.

- (d) **Coláiste San Aingeal, Sligeach ([www.stangelas.nuigalway.ie](http://www.stangelas.nuigalway.ie))**  
Is é an t Ionad um Riachtanais Speisialta Oideachais, Cuimsitheacht agus Éagsúlacht a eagraíonn an clár seo agus is é atá mar thoradh air ná bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais, creidiúnaithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Maireann an cúrsa ó Mheán Fómhair 2013 go dtí Bealtaine 2014. Tá an cúrsa bunaithe ar mheascán de bhlocscaoileadh ón scoil/ionad ar feadh iomlán d'ocht seachtaine, ceithre Shatharn d'oiliúint aghaidh le haghaidh, agus cianfhoghlaim, chomh maith le hobair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí féin. Tá staidéar leantach tacaíthe sa chlár freisin i rith na bliana ag baint úsáide as modhanna éagsúla soláthar. Is é struchtúr an chlár ná ceithre mhodúl cineálach agus modúl sainstaidéir. Féadfaidh na rannpháirtithe dhá réimse a roghnú astu seo a leanas: Míchumais Sonracha Foghlama; Neamhoird Speictrim Uathaigh; Oideachas Aosach/Míbhuntáiste/Idirchultúrtha; agus Iompar Dúshlánach. Ba chóir dóibh siúd atá ag machnamh ar pháirt a ghlacadh sa chlár seo dul i dteagmháil leis an gcoláiste do bhreis sonraí maidir le blocscaoileadh. Tá tuilleadh sonraí ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (e) **Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 ([www.spd.dcu.ie](http://www.spd.dcu.ie))**  
Is í Roinn Oideachais Speisialta an Choláiste a eagraíonn an clár seo, agus is é atá mar thoradh air ná bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais atá creidiúnaithe ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Maireann an cúrsa ó Mheán Fómhair 2013 go dtí Meitheamh 2014. Tá modh measctha soláthar i gceist, ina bhfuil blocscaoileadh ó scoil (ocht seachtaine san iomlán) oiliúint ar líne agus cianoiliúint agus trí dheireadh seachtaine (tráthnóna Aoine, Satharn) d'oiliúint aghaidh le haghaidh. Chun páirt a ghlacadh sa chlár, beidh gá ag múinteoirí le rochtain ar ríomhaire agus ar idirlíon leathanbhanda. Tairgeann an clár conair speisialaithe i míchumais ginearálta foghlama measartha, troma agus domhaine agus i riachtanais speisialta oideachais ardmhínicíochta. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (f) **Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ([www.ucc.ie](http://www.ucc.ie))**  
Cuireann Roinn an Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh an clár seo ar fáil, agus is atá mar thoradh air ná bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais. Mairfidh sé ó Mheán Fómhair 2013 go Bealtaine 2014 agus bíonn san áireamh ann blocscaoileadh ón scoil ar feadh ocht seachtaine, ceithre Shatharn, cianfhoghlaim agus obair faoi mhaoirseacht i scoil an mhúinteora féin. Tá tuilleadh sonraí ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (g) **An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4 ([www.ucd.ie](http://www.ucd.ie))**  
Is é atá mar thoradh ar an gclár seo, a chuireann Roinn an Oideachais ar fáil, ná bronnadh Diplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta. Mairfidh sé ó Mheán Fómhair 2013 go dtí Bealtaine 2014. Tá modh measctha soláthar i gceist, ina bhfuil blocscaoileadh ó scoil/ionad (ocht seachtaine san iomlán), cúig Shatharn de cheardlanna agus seimineáir comhoibríocha agus obair leantach faoi mhaoirseacht i scoil/ionad an rannpháirtí féin. Ba chóir dóibh siúd atá ag machnamh ar pháirt a ghlacadh sa chlár seo dul i dteagmháil leis an gcoláiste do bhreis sonraí maidir le blocscaoileadh. Tá tuilleadh sonraí ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.

## 6. Cáilitheacht

**Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach oide a bheith cláraithe faoi réir Ailt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Féach ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie) do bhreis eolais.**

Tá an clár seo ar oscailt do mhúinteoirí reatha atá fostaithe i bpost arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a chuireann Tacaíocht Foghlama agus Teagasc Acmhainne ar fáil i mBunscoileanna, Iarbunscoileanna agus Seirbhísí Oideachasúla aitheanta eile. Tá múinteoirí atá ag freastal i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i dteideal iarratas a dhéanamh freisin. **Dearadh an clár go speisialta chun cuidiú le hoidí freastal ar riachtanais foghlama agus teagaisc na scoláirí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu agus/nó scoláirí le riachtanais speisialta oideachais. Mar sin ní mór d'iarrthóirí ionchasacha ról teagaisc a bheith acu maidir le scoláirí a bhfuil tacaíocht foghlama de dhíth orthu agus/nó scoláirí le riachtanais speisialta oideachais.** Féach ar na himlitreacha sa liosta in Aguisín 1 d'eolas ar na cáilíochtaí atá riachtanach do phoist múinteoireachta sa Tacaíocht Foghlama/Teagasc Acmhainne ag leibhéal na Bunscoile agus na hIarbunscoile agus na cáilíochtaí atá riachtanach do

mhúineadh i Scoileanna Speisialta.

Ba chóir a mheabhrú nach mbeidh oidí cáilithe chun áit a ghlacadh ná leanúint leis an gcúrsa mura soláthraítear na huairéanta agus na háiseanna chun a chur ar a gcumas lár-rannpháirtíocht a dhéanamh ina suíomh scoile féin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndáilfear ualach oibre ar mhúinteoirí atá páirteach sa chlár a cheadóidh dóibh an tairbhe is mó a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leantach atá á thairiscint.

(a) **Bunscoileanna:**

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó Litir Dheimhniú Clárúcháin<sup>1</sup> ón gComhairle Mhúinteoireachta, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu. Má tá an réimse “Earnáil/Earnálacha Oideachais” folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais bunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais.**

Ba chóir go mbeadh a dtréimhse phromhaidh curtha i gcrích go sásúil ag iarratasóirí ó Bhunscoileanna de réir na Imlitreach 0029/2012 agus iad fostaithe i bpost ceadithe i réimse oideachais speisialta nó tacaíocht foghlama, nó poist dá leithéid a bheith á nglacadh acu i Meán Fómhair 2013. Chun críche an chúrsa, beidh ar mhúinteoirí raon clár a sheachadadh a bhainfidh le foghlaim agus teagasc scoláirí a mbeidh riachtanais speisialta acu agus/nó a mbeidh tacaíocht foghlama ag teastáil uathu<sup>2</sup>. Ní mór tréimhsí a bheith i dtráthchlár na múinteoirí, freisin, ina mbeidh siad ag obair le grúpaí beaga scoláirí. D’fhéadfadh cleachtais chomhoibríocha, ar nós teagasc foirne, a bheith mar chuid de na socrúithe sin.

(b) **Iarbhunscoileanna**

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó Litir Dheimhniú Clárúcháin (féach fonóta 1) ón gComhairle Mhúinteoireachta, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu. Má tá an réimse “Earnáil/Earnálacha Oideachais” folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais iarbhunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an iarbhunoideachais.**

Ba chóir d’iarrthóirí ó Iar-Bhunscoileanna a bhFostaíocht Iar-Cháiliúcháin (PQE) a bheith críochnaithe go rathúil acu.

**Múinteoirí Tacaíochta Foghlama**

Ba chóir d’oidí cáilithe atá sannta d’obair Tacaíochta Foghlama tacaíocht a sholáthar do dhaltai a bhfuil tacaíocht foghlama de dhíth orthu ar feadh 11 uair an chloig sa tseachtain **ar a laghad**, tacaíocht ranga san áireamh. Ba chóir ceithre rangthréimhse ar a laghad a dháileadh ar theagasc scoláirí aonair nó grúpaí nach mó iad ná seisear scoláirí. Ní mór am breise a sholáthar, freisin, le dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí nó le comhghleacaithe. In éineacht le hobair uimheartheachta, **caithfidh** go mbeidh ar a laghad 4 rangthréimhse d’obair litearthachta san áireamh in aghaidh na seachtaine sna huairéanta Tacaíocht Foghlama a dháilfear (agus béim á coinneáil ar scileanna litearthachta na scoláirí a bhaineann le léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht agus labhairt a fhorbairt, murab ionann agus ar réimsí ábhair teanga-bhunaithe ar nós Stair/Tíreolaíocht).

<sup>1</sup> Tá an Litir Dheimhniú Clárúcháin ar fáil le híoslódáil ón Áis Logála Isteach mar Mhúinteoir Cláraithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

<sup>2</sup> Féach na naisc seo a leanas do shainmhíneadh ar chatagóirí Oideachais Speisialta/Tacaíochta Foghlama mar a thugtar cur síos orthu in Imlitreacha ROS SP ED 02/05 - [http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/sp02\\_05.doc](http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/sp02_05.doc) agus SP ED 08/02 - <http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Cartlainne/Iarratais-ar-oidethacaíocht-i-mbun-acmhainní-ar-bhonn-lánaimsear-tha-nó-páirtaimseartha-chun-déileáil-le-riachtanais-speisialta-oideachais-leanaí-faoi-mhíchumais.pdf>  
Ba chóir Imlitir ROS SP ED 08/02 a thuiscint faoi réir théarmaí na himlitreach SP ED 02/05. Tabbhair faoi deara na bhfuil an tSamhail um Leithdháileadh Ginearálta i bhfeidhm faoi láthair ag leibheál na h-iarbhunscoile.

### Oidí Acmhainne

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó scoileanna/ionaid dara leibhéal aitheanta a bhfuil poist acmhainne nó uaireanta acmhainne nó ranganna speisialta ceadaithe go hoifigiúil leithdháilte orthu. Ní mór don duine a ainmnítear a bheith ina (h)oidé atá i dteideal post buan a líonadh i scoileanna dara leibhéal. Le bheith incháilithe don chlár, caithfidh múinteoirí 11 uair a chloig **ar a laghad** sa tseachtain, tacaíocht rang san áireamh, a chaitheamh ag obair le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Chun críche an chúrsa, beidh ar mhúinteoirí raon clár a chur ar fáil a bhainfidh le foghlaim agus teagasc scoláirí a mbeidh riachtanais speisialta acu agus/nó iad siúd a bheidh tacaíocht foghlama de dhíth orthu.

Ní mór go mbeidh tréimhsí i dtráthchláir oidí ina mbeidh siad ag obair le grúpaí beaga scoláirí. D'fhéadfadh cleachtais chomhoibríocha, ar nós teagasc foirne, a bheith mar chuid de na socrúithe sin.

#### (c) Scoileanna Speisialta

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó Litir Dheimhniú Clárúcháin (féach fonóta 1) ón gComhairle Mhúinteoireachta, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu. Má tá an réimse “Earnáil/Earnálacha Oideachais” folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais bunscoile nó iarbhunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais nó an iarbhunoideachais nó le múineadh i suíomhanna scoile speisialta.**

Ní mór d'iarrthóirí ó Scoileanna Speisialta an tréimhse phromhaidh a bheith slánaithe go rathúil acu de réir na hmlitreach 0029/2012 agus a bheith i bpost ceadaithe i Scoil Speisialta nó a bheith ag tosú ar a leithéid de phost i Meán Fómhair 2013.

#### (d) Seirbhís Oideachais Eile

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó Litir Dheimhniú Clárúcháin (féach fonóta 1) ón gComhairle Mhúinteoireachta, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu. Má tá an réimse “Earnáil/Earnálacha Oideachais” folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais bunscoile nó iarbhunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais nó an iarbhunoideachais.**

Ní mór d'iarrthóirí a dtréimhse phromhaidh/PQE a bheith críochnaithe go rathúil acu faoi réir riachtanais na Comhairle Múinteoireachta agus aitheantas acu go bhfuil siad incháilithe do cheapachán buan i mbunscoil, iarbhunscoil nó scoil speisialta. Cuirtear fáilte roimh iarratais ó mhúinteoirí cáilithe atá fostaithe ag Coistí Gairmoideachais mar theagascóirí litearthachta/agus nó uimheartheachta in Ógtheagmháil, i dTionscnaimh Phobail nó sa tSeirbhís Príosúin, agus a bhfuil obair Thacaíocht Foghlama mar chúram orthu ar feadh 11 uair sa tseachtain **ar a laghad**. Ba chóir ceithre rangtréimhse ar a laghad a chur ar fáil le scoláirí aonair nó grúpaí nach mó iad ná seisear scoláirí a theagasc. Ní mór am breise a sholáthar, freisin, le dul i gcomhairle le tuistí/caomhnóirí nó le comhghleacaithe. Chomh maith le hobair san uimheartheacht, **caithfidh** go mbeidh ar a laghad 4 rangtréimhse d'obair litearthachta san áireamh in aghaidh na seachtaine sna huaireanta Tacaíochta Foghlama a dháilfear.

Ba chóir d'iarrthóirí a nótáil go bhfuil gá le fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le páirt a ghlacadh sa chúrsa.

## 7. Iarratais agus Roghnú

Ní mór iarratais a tabhairt ar ais don Choláiste nó don Ollscoil a roghnófar faoi 5 i.n. ar an 1 Márta 2013.

*Ba chóir d'iarratasóirí fianaise postála a choinneáil.*

Tabharfar tús áite d'oidí a shásaíonn na critéirí thíosluaite agus nár fhreastal cheana ar chlár iarchéime dá leithéid do mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama nó do mhúinteoirí do scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

De ghnáth, ní dhéanfar ach iarratas amháin ó Scoil/Ionad ar bith a mheas.

Ba chóir d'iarratasóirí a mheabhrú go n-iarrfaidh roinnt institiúidí áirithe ar iarratasóirí dul faoi agallamh.

Tá sé beartaithe, ar na cláir sin a ghlacann le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon, go leithdháilfear an líon céanna áiteanna ar gach ceann den dá ghrúpa, ach is féidir go leasófar an coibhneas mar fhreagairt ar éileamh agus ar chúinsí áitiúla.

**Fágfar roghnú na rannpháirtithe ó na hiarratasóirí inroghnaithe mar chúram ar údarais na gColáistí/Ollscoileanna.**

## 8. Táillí na gClár

Ní bheidh aon táille ná costais chláraithe i gceist i gcás iarratasóirí atá incháilithe faoi théarmaí na hImlitreach seo.

## 9. Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar aon saoire phearsanta bhreise i dtaca le freastal ar an gClár.

## 10. Ionadaíocht

Ceadófar ionadaíocht, a chaithfidh a bheith ceadaithe ag údarás bainistíochta na scoile/CGO. Ní mór a dheimhniú go bhfuil an ionadaíocht riachtanach chun tréimshí neamhláithreachta an oide ó dhualgas teagaisc chun freastal ar an gcúrsa a chlúdach. Ní mór don scoil cáipéisíocht on gcoláiste a shonraíonn na sonraí neamhláithreachta a choinneáil. **Ba chóir a mheabhrú nach gcuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna clúdach ionadaithe ar phá ar fáil nuair a ghlacann múinteoir saoire phearsanta le linn elimint bhlocscaoileadh an chlár.**

## 11. Socruithe Tuarastail

Leanfar ar aghaidh le h-íocaíocht tuarastail sa ghnáthshlí dos na hoidí ar bhlocscaoileadh faoi théarmaí an Chláir seo.

## 12. Liúntais

Tabhair faoi deara le do thoil, agus an cúrsa seo curtha i gcrích, ní bheidh teidlíocht do luach saothair breise mar thoradh air ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 13. Taisteal agus Cothabháil

Tabhair faoi deara nach n-íocfar aon chostais taistil nó cothabhála le rannpháirtithe ar Chláir atá faoi chaibidil ag an Imlitir seo.

#### **14. Clár Máistreachta**

Tá na daoine sin a chríochnaíonn go rathúil an Comhchlár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach d'Oidí atá ag obair i dTacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta agus a shásaíonn na riachtanais iontrála, i dteideal iontráil a éileamh ar Chlár Máistreachta a chuirtear ar fáil trí na hInstitiúidí atá liostaithe i gcuid 1 den Imlíir seo. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na n-institiúidí aonair, a bhfuil sonraí ina leith in Aguisín 2.

Eddie Ward  
Príomhoifigeach

Eanáir 2013

Imlitreacha cuí ón Roinn Oideachais agus Scileanna

**Leibhéal na Bunscoile**

SP ED 02/2005

0036/2006

0034/2007

0024/2009

0031/2011

**Leibhéal na hIarbhunscoile**

0031/2011

**Seoltai na gColáistí/na nOllscoileanna a thairgeann an Comhclár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí atá gafa le Tacaíocht Fhoghlama agus Oideachas Speisialta**

1. Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann,  
96 Bóthar Ráth Maonais, Uachtarach,  
Ráth Maonais,  
Baile Átha Cliath 6.  
[www.cice.ie](http://www.cice.ie)

Fón: (01) 4970033  
Facs: (01) 4971932

R-phost: [dmckeon@cice.ie](mailto:dmckeon@cice.ie)

2. Coláiste Mhuire gan Smál  
Roinn an Oideachais Speisialta,  
Cuarbhóthar Theas,  
Luimneach.  
[www.mic.ul.ie](http://www.mic.ul.ie)

Fón: (061) 204563  
Facs: (061) 313632

R-phost: [mairread.horan@mic.ul.ie](mailto:mairread.horan@mic.ul.ie)

3. Roinn an Oideachais  
Ollscoil na hÉireann  
Gaillimh.  
[www.nuigalway.ie](http://www.nuigalway.ie)

Fón: (091) 492195  
Facs: (091) 750538  
R-phost: [education@nuigalway.ie](mailto:education@nuigalway.ie)

4. Coláiste San Aingeal,  
Ionad um Riachtanais Speisialta Oideachais,  
Cuimsitheacht agus Éagsúlacht  
Loch Gile,  
Sligeach  
[www.stangelas.nuigalway.ie](http://www.stangelas.nuigalway.ie)

Fón: (071) 9195551  
Facs: (071) 9146510

R-phost: [education@stangelas.nuigalway.ie](mailto:education@stangelas.nuigalway.ie)

5. Coláiste Phádraig  
Roinn an Oideachais Speisialta,  
Droim Conrach,  
Baile Átha Cliath 9.  
[www.spd.dcu.ie/](http://www.spd.dcu.ie/)

Fón: (01) 8842031  
Facs: (01) 8842294

R-phost: [SpEd.Office@spd.dcu.ie](mailto:SpEd.Office@spd.dcu.ie)

6. Roinn an Oideachais Speisialta,  
Roinn an Oideachais,  
Leeholme,  
Coláiste na Ollscoile, Corcaígh  
Corcaigh.  
[www.ucc.ie](http://www.ucc.ie)

Fón: (021) 4902465  
Facs: (021) 4270291

R-phost: [d.burns@ucc.ie](mailto:d.burns@ucc.ie)

7. Scoil an Oideachais,  
Caisleán Roebuck,  
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath,  
Belfield,  
Baile Átha Cliath 4.  
[www.ucd.ie/education](http://www.ucd.ie/education)

Fón: (01) 7167967  
Facs: 7161143

R-phost: [ann.owens@ucd.ie](mailto:ann.owens@ucd.ie)

## Foirm Iarratais – Múinteoirí Iarbhunoideachais – Imlitir 0001/2013

Comhchlár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí atá ag obair i dTacaíocht Fhoghlama agus in Oideachas Speisialta – 2013/2014

Le comhlánú ag Múinteoirí i Scoileanna Iarbhunoideachais nó i Seirbhísí Oideachais eile m.sh. Idirghabhálacha, Ógtheagmhail, Seirbhísí Príosúin srl.

Déan an fhoirm a chomhlánú agus a **chur ar ais go dtí an Coláiste nó Ollscoil is rogha leat faoi 1 Márta 2013.**

### 1. Sonraí Pearsanta

Ainm: \_\_\_\_\_ Scoil: \_\_\_\_\_

Seoladh Baile: \_\_\_\_\_ Seoladh Scoile: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Fón Baile: \_\_\_\_\_ Uimh. Rolla Scoile: \_\_\_\_\_

Fón Póca: \_\_\_\_\_ Fón Scoile: \_\_\_\_\_ Facs: \_\_\_\_\_

R-phost Pearsanta: \_\_\_\_\_ Rphost Scoile: \_\_\_\_\_

Uimh. Phárolla an Mhúinteora: \_\_\_\_\_ Príomhoide: \_\_\_\_\_

### 2. Sonraí Clárúcháin (mar atá ar Theastas Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta nó Litir Dheimhnithe Clárúcháin)\*

Uimhir Chlárúcháin an Mhúinteora \_\_\_\_\_ Earnáil/Earnálacha Oideachais \_\_\_\_\_

\*Caithfidh cóip de **Theastas Clárúcháin** nó **Litir Dheimhnithe Clárúcháin** a bheith in éineacht na foirme seo.

### 3. Post Múinteoireachta faoi láthair

**3 (a)** Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn do Stádas Fostaíochta reatha:

Buan

Conradh tréimhse éiginnte (CID)

Conradh téarma seasta

Eile: Sonraigh le do thoil: \_\_\_\_\_

Más i bpost páirtaimseartha atá tú fostaithe, cé mhéad uair an chloig a oibríonn tú sa phost sin? \_\_\_\_\_

**3 (b)** Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn do phost teagasc ina mbeidh tú sa scoilbhliain 2013-2014 (*Is féidir tic a chur i níos mó ná bosca amháin*)

Post	cuir <input type="checkbox"/> mar is cuí	Post	cuir <input type="checkbox"/> mar is cuí
Uaireanta Teagasc Tacaíochta i nGnáthrang		Post Tacaíochta Foghlama Ex-cuóta	
Post Acmhainne		Múinteoir i Scoil Speisialta	
Uaireanta Acmhainne i nGnáthrang			
Eile: Sonraigh le do thoil: _____			

**3 (c) Sonraigh:**

- Iomlán na mblianta agat ag teagasc: \_\_\_\_\_
- Líon na mblianta ag teagasc i do scoil reatha: \_\_\_\_\_
- Cathain ar ceapadh tú sa phost/uaireanta TF/ROS faoi láthair? \_\_\_\_\_
- Dáta bunaithe an phoist TF/ROS seo: \_\_\_\_\_
- Ar dáileadh uaireanta amchláir ort d'obair Tacaíochta Foghlama don bhliain reatha? (luaigh líon na n-uaireanta le do thoil): \_\_\_\_\_
- Ar dáileadh uaireanta amchláir ort don obair um Riachtanais Oideachais Speisialta don bhliain reatha? (luaigh líon na n-uaireanta le do thoil): \_\_\_\_\_

**3 (d) Sonraigh:**

Líon na scoláirí atá á múineadh agat faoi láthair i do acmhainn mar atá léirithe ag **3 (c)** thuas: \_\_\_\_\_

**3 (e) Sonraigh:**

An líon d'uaireanta amchláir a mhúineann tú i nGnáthrang: \_\_\_\_\_

**3 (f)** Ar dáileadh uaireanta amchláir ort don obair i **dTacaíocht Foghlama** do **2013-2014**: \_\_\_\_\_

Más ea, luaigh an líon uaireanta le do thoil: \_\_\_\_\_

**3 (g)** Ar dáileadh uaireanta amchláir ort don obair i **dTeagasc Acmhainne** do **2013-2014**: \_\_\_\_\_

Más ea, luaigh an líon uaireanta le do thoil: \_\_\_\_\_

**3 (h)** Don scoilbhliain 2013/2014, cén líon d'uaireanta sa tseachtain a bheidh tú amchláraithe sna réimsí oibre seo a leanas:

Rang Speisialta (cuir isteach sonrúchán an ranga speisialta freisin): \_\_\_\_\_

Obair Cúlúcháin: \_\_\_\_\_ Teagasc Foirne: \_\_\_\_\_

Comhairliú le Comhghleacaithe/Tuismitheoir/Daoine Eile (sonraigh le do thoil): \_\_\_\_\_

Eile (sonraigh le do thoil): \_\_\_\_\_

Mura bhfuil d'amhlár réidh fós, dearbhaigh le do phríomhoide go mbeidh sé ag teacht leis na critéirí san imlitir faoi iamh:

Tá sé dearbhaithe agam le mo phríomhoide gur mar sin a bheidh: Tá:  Níl:

3 (i) Tabhair ainm, seoladh agus uimhir rolla na scoileanna ar fad ina múineann tú:

Ainm	Seoladh	Uimhir rolla	Scoil DEIS

4. Cáilíochtaí Gairmiúla nó eile a bronnadh ort:

Coláiste, Ollscoil nó Foras Bronnta eile	Dátaí tinrimh agus cé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha	Céim nó Cáilíochtaí eile a fuarthas/atá le fáil	Grád/Roinn (más ann dóibh)	Ábha(i)r	Dáta bronnta

5. Taithí Múinteoireachta Roimhe Seo

5 (a) Líon na mblianta ag múineadh gnáthranganna: \_\_\_\_\_

Ainm agus Seoladh na Scoile(anna)	Dátaí



6. **Freastal Roimhe Seo ar Chúrsaí Forbartha Gairmiúla (m.sh. STOS, Inseirbhíse):**

Ainm agus Dátaí Chúrsa Forbartha Gairmiúla	Fad Ama	Grád Roinn (más dóibh)	nó ann	Ábha(i)r	Dáta Críochnaithe an Chúrsa Forbartha Gairmiúil	Foras Creidiúnúcháin

7. **Mionsonraí ar iarratais eile a rinneadh**

7 (a) An ndearna tú iarratas roimhe seo ar Chúrsa um Thacaíocht Foghlama/Riachtanais Oideachais Speisialta? Rinne  Ní dhearna

Má rinne: Cén bhliain \_\_\_\_\_

Cén Coláiste/Ollscoil \_\_\_\_\_

7 (b) An bhfuil iarratas déanta agat ar Choláistí nó ar Ollscoileanna eile do Chlár 2013/2014? Tá  Níl

Má tá: Cén Coláiste/Ollscoil \_\_\_\_\_

Tá an cur síos ar an gclár forbartha gairmiúil leantach mar atá léirithe in Imlitir 0001/2013 léite agam agus toilím freastal go hiomlán ar an gCúrsa a bhfuil iarratas á dhéanamh agam ina leith agus na coinníollacha riachtanacha a ghabhann leis an rannpháirtíocht sin a chomhlíonadh. Tabharfaidh mé fógra do m'údarás scoile ar aon neamhláithreacht ón gcúrsa faoi réir na ngnáthnósanna imeachta.

Dearbhaím go dtuigim

- (1) nach mbeidh aon teidlíocht ar luach saithair breise ón Roinn Oideachais agus Scileanna ann mar thoradh ar chríoch rathúil an Chláir seo,
- (2) nach n-íofar costais taistil nó cothabhála le rannpháirtithe sa Chlár atá faoi chaibidil ag an Imlitir/foirm iarratais seo, agus
- (3) go bhfuil gá le fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le páirt a ghlacadh sa chúrsa.

SÍNITHE: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

**Seol ar ais an fhoirm chomhlánaithe, le do thoil, cóip de do Theastas Clárúcháin nó litir dheimhnithe clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta maraon leis an bhfoirm atá le comhlánú ag údaráis scoileanna chuig an gColáiste/Ollscoil is rogha leat.**

**Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná 1 Márta 2013.**

**8** Le comhlánú ag Údaráis na Scoile

**8 (a)** Sonraigh:

- (i) Líon na múinteoirí atá gafa le dualgais um Thacaíocht Foghlama/Oideachas Speisialta \_\_\_\_\_
- (ii) Líon na múinteoirí a bhfuil cáilíocht acu i dTacaíocht Foghlama/Teagasc Acmhainne/Oideachas Speisialta \_\_\_\_\_
- (iii) Cén líon de na múinteoirí sin, luaite ag (ii), thuas, atá gafa faoi láthair le Tacaíocht Foghlama/Oideachas Speisialta? \_\_\_\_\_

**8 (b)** Sonraigh:

- (i) Líon na scoláirí sa tSraith Shóisearach (2012/13) \_\_\_\_\_
- (ii) Líon na scoláirí sa tSraith Shinsearach (2012/13) \_\_\_\_\_
- (iii) Líon na scoláirí sa tSeirbhís Oideachais (2012/13) \_\_\_\_\_

**8 (c)** Luaigh, le d' thoil, an líon d'iarratais rathúla ar chúrsa um Thacaíocht Foghlama nó Oideachas Speisialta a rinneadh ag do scoil ón mbliain 2008 i leith \_\_\_\_\_

**8 (d)** Luaigh, le d' thoil an líon d'iarratais mírathúla ar chúrsa um Thacaíocht Foghlama/Oideachas Speisialta a rinneadh ag do scoil ón mbliain 2008 i leith \_\_\_\_\_

**8 (e)** Luaigh na blianta lena rinneadh na hiarratais ag 8(d) thuasluaite \_\_\_\_\_

Ar mhiste cóip d'**amchlár** an iarratasóra do **2013/2014** a chomhcheangail agus na huairanta um Thacaíocht/Acmhainn Foghlama san áireamh ann. Mura bhfuil sé seo ar fáil faoi láthair, seol cóip de ar aghaidh go dtí an Coláiste/Ollscoil chuí nuair a bheidh. **Tabhair faoi deara, le do thoil, go scaoilfear na múinteoirí ar an gcúrsa ar feadh ocht seachtaine sa bhliain acadúil a gcuirfear ionadaíocht ar fail ina leith.**

**Meabhraigh, le do thoil, nach mbeidh sé ar chumas an mhúinteora áit a ghlacadh ná leanúint ar an gcúrsa mura gcuirfear na huairanta agus na háiseanna atá riachtanach do rannpháirtíocht iomlán ar fáil. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaí ualach oibre do mhúinteoirí a bheidh páirteach sa chúrsa a chuirfidh ar a gcumas an tairbhe is fearr a bhaint as an oiliúint leantach ghairmiúil a chuirfear ar fail.**

**8 (f)** Sonraigh, led' thoil, de réir aicme, an líon scoláirí i do scoil a rinneadh a mheas go bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu

<b>Aicme an Riachtanais Speisialta</b>	<b>Minicíocht</b>	<b>Líon na Scoláirí</b>
Míchumas Coirp	Íseal	_____
Bac Cloisteála	Íseal	_____
Bac Amhairc	Íseal	_____
Suaithheadh Mothúchánach	Íseal	_____
Mionmhíchumas Foghlama Ginearálta Imeachach	Ard	_____
Mionmhíchumas Foghlama Ginearálta	Ard	_____
Meánmhíchumas Foghlama Ginearálta	Íseal	_____
Dianmhíchumas/ Domhainmhíchumas Foghlama Ginearálta	Íseal	_____
Uathachas / Neamhord Speictrim um Uathachas	Íseal	_____
Sainmhíchumas Foghlama	Ard	_____
Siondróm Measúnaithe	Íseal	_____
Neamhord Sainiúil Urlabhra & Teanga	Íseal	_____
Ilmhíchumas	Íseal	_____
Eile	Sonraigh le do thoil	_____

**8 (g)** An mó scoláirí seachas iad siúd a liostaítear ag 8(f) a bheadh ag fáil tacaíochta foghlama? \_\_\_\_\_

Ainmním \_\_\_\_\_ chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus dearbhaím gur oide cláraithe de réir alt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 an t-iaratasóir ar an gcomhchúrsa seo.

**Dearbhaím go gceadóidh ualach oibre an iarrthóra dóibh tairbhe iomlán a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach atá á tairiscint agus go mbeidh sé ag teacht leis na critéir in Imlitir 0001/2013:**

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a thugtar ar an iarratas seo ceart agus má bhronntar áit ar **Chomhlár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí atá gafa le Tacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta** – 2013/2014 ar an mhúinteoir thuasluaite, go n-aontaíonn an Bord Bainistíochta an múinteoir a scaoileadh chun freastal ar an gcúrsa agus go gcomhlíonfar na gcoinníollacha atá riachtanach don bhfreastal seo mar atá sonraithe in Imlitir 0001/2013. Dearbhaím go gcinnteoidh mé go mbeidh an ionadaíocht riachtanach ann in am tráth agus toilim nach n-iarrfaidh mé ar an múinteoir freastal ar aon ócáid scoile ar chúis ar bith le linn na dtréimhsí blocscaoilte.

**Ní mór cóip de Theastas Clárúcháin an Mhúinteora nó litir dheimhnithe chlárúcháin mar atá curtha ar fáil ag an gComhairle Múinteoireachta, a bheith in éineacht leis an bhfoirm seo.**

**SÍNITHE:** \_\_\_\_\_  
(Príomhoide)

**DÁTA:** \_\_\_\_\_

**COMHSHÍNITHE:** \_\_\_\_\_  
(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

**DÁTA:** \_\_\_\_\_

### *Cosaint Sonraí*

*Caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí ar fad a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm seo go rúnda agus bainfidh sé úsáid astu don chúis atá beartaithe agus don chúis sin amháin. Ní nochtófar an fhaisnéis ach mar a cheadaíonn an dlí nó do chúiseanna liostaithe i gclárú na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) - Tag 10764/A.*

*Caithfidh na coláistí liostaithe laistigh den cháipéis seo leis na sonraí ar fad a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm seo go rúnda agus bainfidh siad úsáid astu don chúis atá beartaithe agus don chúis sin amháin. Ní nochtófar an fhaisnéis ach mar a cheadaíonn an dlí nó do na cúiseanna liostaithe ina gclárúithe faoi seach.*

*Má tá an fhaisnéis atá curtha ar fáil agat le húsáid do chúiseanna seachas na cinn atá luaite i gclárú na Roinne nó na gcoláistí (mar is cuí) leis an CCS lorgófar cead uait.*

Comhchlár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí atá gafa i dTacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta – 2013/2014

**Le comhlánú ag Oidí i nGnáthbhunscoileanna & Scoileanna Speisialta**

Comhlánaigh, le do thoil, agus seol ar ais go dtí do rogha Coláiste/Ollscoil faoin 1 Márta 2013.

**1. Sonraí Pearsanta**

Ainm: \_\_\_\_\_ Scoil: \_\_\_\_\_

Seoladh Baile: \_\_\_\_\_ Seoladh Scoile: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Fón Baile: \_\_\_\_\_ Uimh. Rolla Scoile: \_\_\_\_\_

Fón Póca: \_\_\_\_\_ Fón Scoile: \_\_\_\_\_ Facs: \_\_\_\_\_

Rphost Pearsanta: \_\_\_\_\_ Rphost Scoile: \_\_\_\_\_

Uimh. Phárolla an Mhúinteora: \_\_\_\_\_ Príomhoide: \_\_\_\_\_

Bhliain Phromhaidh: \_\_\_\_\_

**2. Sonraí Clárúcháin (mar atá ar Theastas Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta nó mar atá ar Litir Dheimhnithe Clárúcháin)\***

Uimhir Chlárúcháin an Mhúinteora \_\_\_\_\_ Earnáil/Earnálacha Oideachais \_\_\_\_\_

**\*Caithfidh cóip den Teastas Clárúcháin Múinteora nó Litir Dheimhnithe Clárúcháin a bheith in éineacht na foirme seo.**

**3. Post Múinteoireachta Reatha**

3 (a) Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn do Stádas Fostaíochta reatha:

Buan

Conradh tréimhse éiginnte (CID)

Conradh téarma seasta

Eile: Sonraigh le do thoil: \_\_\_\_\_

Más i bpost páirtaimseartha atá tú fostaithe, cé mhéad uair a bhfuil tú fostaithe dóibh? \_\_\_\_\_

**3 (b)** Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn do phost teagaisc ina mbeidh tú sa scoilbhliain 2013/2014:

Post	Cuir <input type="checkbox"/> mar is cuí	Post	Cuir <input type="checkbox"/> mar is cuí
Oide Tacaíochta Foghlama/Acmhainne		Oide i rang speisialta i ngnáthscoil	
Oide Ranga i scoil speisialta		Oide ábhair i scoil speisialta	
Oide ar cuairt (luaigh catagóir ROS agus líon na scoláirí ar an ualach cáis) _____		Príomhoide i scoil speisialta	
Oide Acmhainne i ngnáthscoil			
Eile (Sonraigh, led' thoil) _____			

Luaigh, le do thoil, an líon scoláirí a dteastaíonn ROS uathu atá á mhúineadh agat faoi láthair sa scoil: \_\_\_\_\_

Déan cur síos gairid ar na scoláirí (luaigh aicme/aicmí ROS) a bhfuil tú ag obair leo faoi láthair:  
(Féach naisc le hImlitreacha na Roinne Oideachais agus Scileanna SP ED 02/05 agus SP ED 08/02 ar leathanach 5 do shainmhíniú ar na catagóirí seo)

---



---



---



---



---



---

**3 (c)** Sonraigh:

- Iomlán na mblianta agat ag teagasc: \_\_\_\_\_
- Líon na mblianta ag teagasc i do scoil reatha: \_\_\_\_\_
- Cathain ar ceapadh tú sa phost/uaireanta TF/ROS \_\_\_\_\_
- Dáta bunaithe an phoist TF/ROS seo: \_\_\_\_\_

**3 (d)** Sonraigh:

An líon scoláirí atá á múineadh agat faoi láthair i do acmhainn mar atá léirithe ag **3 (c)** thuas: \_\_\_\_\_

**3 (e)** Líon na mblianta ag múineadh ranganna príomhshrutha: \_\_\_\_\_

**3 (f)** Tabhair ainm, seoladh agus uimhir rolla na scoileanna ar fad ina múineann tú, mar is cuí:

Ainm na Scoile

Seoladh

Uimhir Rolla

Catagóir DEIS

---



---



---



---



---



---



---



---

**4. Cáilíochtaí Gairmiúla nó eile a bronnadh ort**

Coláiste, Ollscoil nó Foras Bronnta eile	Dátaí tinrimh agus cé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha	Céim nó Cáilíochtaí eile a fuarthas/atá le fáil	Grád/Roinn (más ann dóibh)	Ábha(i)r	Dáta bronnta

**5. Taithí Múinteoireachta Roimhe Seo**

**5 (a)** Roimh theacht isteach sa phost atá agat anois, luaigh le do thoil an líon blianta agat i:

Scoileanna Speisialta \_\_\_\_\_ Ranganna Speisialta \_\_\_\_\_

Teagasc Tacaíochta Foghlama \_\_\_\_\_ Teagasc Acmhainne \_\_\_\_\_

Eile (sonraigh le do thoil) \_\_\_\_\_ Iomlán \_\_\_\_\_



6. **Forbairt Ghairmiúil Cheana (m.sh. STOS, Inseirbhíse)**

Ainm & Dátaí Cúrsa Forbartha Gairmiúla	Fad Ama	Grád/Roinn (más ann dóibh)	Ábha(i)r	Dáta Críochnaithe an Chúrsa Forbartha Gairmiúil	Foras Creidiúniúcháin

7. **Iarratais eile a rinneadh**

7 (a) An ndearna tú iarratas roimhe seo ar Chúrsa um Thacaíocht Foghlama/Riachtanais Oideachais Speisialta?  
Rinne  Ní dhearna

Má rinne: Cén bhliain \_\_\_\_\_  
Cén Coláiste/Ollscoil \_\_\_\_\_

7 (b) An bhfuil iarratas déanta agat ar Choláistí nó ar Ollscoileanna eile don chúrsa seo do chlár 2013/2014?  
Tá  Níl

Má tá: Cén Coláiste/Ollscoil \_\_\_\_\_

Tá an cur síos ar an gclár forbartha gairmiúil leantach mar atá léirithe in Imlitir 0001/2013 léite agam agus toilím freastal go hiomlán ar an gCúrsa a bhfuil iarratas á dhéanamh agam ina leith agus na coinníollacha riachtanacha a ghabhann leis an rannpháirtíocht sin a chomhlíonadh. Tabharfaidh mé fógra do m'údarás scoile ar aon neamhláithreacht ón gcúrsa faoi réir na ngnáthnósanna imeachta.

Dearbhaím go dtuigim

- (1) nach mbeidh aon teidlíocht ar luach saithair breise ón Roinn Oideachais agus Scileanna ann mar thoradh ar chríoch rathúil an Chláir seo,
- (2) nach n-íocfar costais taistil nó cothabhála le rannpháirtithe sa Chlár atá faoi chaibidil ag an Imlitir/foirm iarratais seo, agus
- (3) go bhfuil gá le fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le páirt a ghlacadh sa chúrsa.

SÍNITHE: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

**Seol ar ais an fhoirm chomhlánaithe, le do thoil, cóip de do Theastas Clárúcháin nó litir dheimhnithe clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta maraon leis an bhfoirm atá le comhlánú ag údaráis scoileanna chuig an gColáiste/Ollscoil is rogha leat.**

**Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná 1 Márta 2013.**

## Ba chóir do Phríomhoidí Ghnáthbhunscoileanna ceisteanna 8 (a) go 8 (g) a líonadh isteach

### 8. Le comhlánú ag Údaráis na Scoile

8 (a) Sonraigh:

- (i) Líon na múinteoirí atá gafa le dualgais um Thacaíocht Foghlama/Oideachas Speisialta \_\_\_\_\_
- (ii) Líon na múinteoirí a bhfuil cáilíochtaí acu i dTacaíocht Foghlama/Teagasc Acmhainne/Oideachas Speisialta \_\_\_\_\_
- (iii) Cén líon de na múinteoirí sin, a luaitear ag (ii) thuas, atá gafa faoi láthair le Tacaíocht Foghlama/Oideachas Speisialta? \_\_\_\_\_

8 (b) Luaigh, led' thoil, líon iomlán na scoláirí cláraithe sa scoil \_\_\_\_\_

8 (c) Luaigh, led' thoil an líon d'iarratais rathúla ar chúrsa um Thacaíocht Foghlama/Oideachas Speisialta a rinneadh ag do scoil ón mbliain 2008 i leith \_\_\_\_\_

8 (d) Luaigh, led' thoil an líon d'iarratais mírathúla ar chúrsa um Thacaíocht Foghlama/Oideachas Speisialta a rinneadh ag do scoil ón mbliain 2008 i leith \_\_\_\_\_

8 (e) Luaigh na blianta lena rinneadh na hiarratais ag 8(d) thuasluaite: \_\_\_\_\_

Tabhair faoi deara, le do thoil, go scaoilfear na múinteoirí ar an gcúrsa ar feadh ocht seachtaine sa bhliain acadúil a gcuirfear ionadaíocht ar fail ina leith.

Meabhraigh, le do thoil, nach mbeidh sé ar chumas an mhúinteora áit a ghlacadh ná leanúint ar an gcúrsa mura gcuirtear na huaireanta agus na háiseanna atá riachtanach do rannpháirtíocht iomlán ar fáil. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaí ualach oibre do mhúinteoirí a bheidh páirteach sa chúrsa a chuirfidh ar a gcumas an tairbhe is fearr a bhaint as an oiliúint leantach ghairmiúil a chuirfear ar fail.

**8 (f)** Sonraigh, led' thoil, de réir aicme, an líon scoláirí i do scoil a rinneadh a mheas a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu

<b>Aicme an Riachtanais Speisialta</b>	<b>Minicíocht</b>	<b>Líon na Scoláirí</b>
Míchumas Coirp	Íseal	_____
Bac Cloisteála	Íseal	_____
Bac Amhairc	Íseal	_____
Suaitheadh Mothúchánach	Íseal	_____
Mionmhíchumas Foghlama		
Ginearálta Imeachach	Ard	_____
Mionmhíchumas Foghlama Ginearálta	Ard	_____
Meánmhíchumas Foghlama Ginearálta	Íseal	_____
Dianmhíchumas/ Domhainmhíchumas		
Foghlama Ginearálta	Íseal	_____
Uathachas / Neamhord Speictrim		
um Uathachas	Íseal	_____
Sainmhíchumas Foghlama	Ard	_____
Siondróm Measúnaithe	Íseal	_____
Neamhord Sainiúil Urlabhra & Teanga	Íseal	_____
Ilimhíchumas	Íseal	_____
Eile	Sonraigh le do thoil	_____

**8 (g)** An mó scoláirí atá ag fáil uaireanta tacaíocht foghlama? \_\_\_\_\_

Ainmním \_\_\_\_\_ chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus dearbhaím gur oide cláraithe de réir alt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 an t-iaratasóir ar an gcomhchúrsa seo.

**Dearbhaím go gceadóidh ualach oibre an iarrthóra dóibh tairbhe iomlán a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach atá á tairiscint agus go mbeidh sé ag teacht leis na critéir in Imlitir 0001/2013:**

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a thugtar ar an iarratas seo ceart agus má bhronntar áit ar **Chomhclár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí atá gafa le Tacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta** – 2013/2014 ar an mhúinteoir thuasluaite, go n-aontaíonn an Bord Bainistíochta an múinteoir a scaoileadh chun freastal ar an gcúrsa agus go gcomhlíonfar na gcoinníollacha atá riachtanach don bhfreastal seo mar atá sonraithe san Imlitir 0001/2013. Dearbhaím go gcinnteoidh mé go mbeidh an ionadaíocht riachtanach ann in am tráth agus toilím nach n-iarrfaidh mé ar an múinteoir freastal ar aon ócáid scoile ar chúis ar bith le linn na dtréimhsí blocscaoilte.

**Caithfidh cóip den Teastas Clárúcháin Múinteora nó Litir Dheimhnithe Clárúcháin a bheith in éineacht na foirme seo.**

**SÍNITHE:** \_\_\_\_\_

(Príomhoide)

**DÁTA:** \_\_\_\_\_

**COMHSHÍNITHE:** \_\_\_\_\_

(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

**DÁTA:** \_\_\_\_\_

## Ba chóir do Phríomhoidí Scoileanna Speisialta ceisteanna 9 (a) go 9 (g) a líonadh isteach.

**9. Le comhlánú ag Údaráis na Scoile**

**9 (a)** Sonraigh:

- (i) Líon na múinteoirí i do scoil \_\_\_\_\_
- (ii) Líon na múinteoirí a bhfuil cáilíochtaí acu i dTacaíocht Foghlama/Teagasc Acmhainne/Oideachas Speisialta \_\_\_\_\_

**9 (b)** Luaigh, led' thoil, líon iomlán na scoláirí atá cláraithe i do scoil \_\_\_\_\_

**9 (c)** Luaigh, led' thoil, an líon d'iarratais rathúla ar chúrsa um Oideachas Speisialta a rinneadh ag do scoil ón mbliain 2008 i leith \_\_\_\_\_

**9 (d)** Luaigh, led' thoil, an líon d'iarratais mírathúla ar chúrsa um Oideachas Speisialta a rinneadh ag do scoil ón mbliain 2008 i leith \_\_\_\_\_

**9 (e)** Luaigh na blianta lena rinneadh na hiarratais ag 9(d) thuasluaite: \_\_\_\_\_

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go scaoilfear na múinteoirí ar an gcúrsa ar feadh ocht seachtaine sa bhliain acadúil a gcuirfear ionadaíocht ar fáil ina leith.**

**Meabhraigh, le do thoil, nach mbeidh sé ar chumas an mhúinteora áit a ghlacadh ná leanúint ar an gcúrsa mura gcuirfear na huaireanta agus na háiseanna atá riachtanach do rannpháirtíocht iomlán ar fáil. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfaí ualach oibre do mhúinteoirí a bheidh páirteach sa chúrsa a chuirfidh ar a gcumas an tairbhe is fearr a bhaint as an oiliúint leantach ghairmiúil a chuirfear ar fáil.**

**9 (f)** Sonraigh, led' thoil, de réir aicme, an líon scoláirí i do scoil a rinneadh a mheas a ndéanann do scoil freastal orthu

<b>Aicme an Riachtanais Speisialta</b>	<b>Minicíocht</b>	<b>Líon na Scoláirí</b>
Míchumas Coirp	Íseal	_____
Bac Cloisteála	Íseal	_____
Bac Amhairc	Íseal	_____
Suaitheadh Mothúchánach	Íseal	_____
Mionmhíchumas Foghlama Ginearálta Imeachach	Ard	_____
Mionmhíchumas Foghlama Ginearálta	Ard	_____
Meánmhíchumas Foghlama Ginearálta	Íseal	_____
Dianmhíchumas/ Domhainmhíchumas Foghlama Ginearálta	Íseal	_____
Uathachas / Neamhord Speictrim um Uathachas	Íseal	_____
Sainmhíchumas Foghlama	Ard	_____
Siondróm Measúnaithe	Íseal	_____
Neamhord Sainiúil Urlabhra & Teanga	Íseal	_____
Ilmhíchumas	Íseal	_____
Eile	Sonraigh le do thoil	_____

**9 (g) Sonraigh, led' thoil, an príomhchatagóir de Riachtanas Speisialta Oideachais a bhfreastalaíonn do scoil air**

Ainmním \_\_\_\_\_ chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus dearbhaím gur oide cláraithe de réir alt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 an t-iarratasóir ar an gcomhchúrsa seo.

**Dearbhaím go gceadóidh ualach oibre an iarrthóra dóibh tairbhe iomlán a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach atá á tairiscint agus go mbeidh sé ag teacht leis na critéir in Imlitir 0001/2013:**

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a thugtar ar an iarratas seo ceart agus má bhronntar áit ar **Chomhlár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí atá gafa i dTacaíocht Fhoghlama agus in Oideachas Speisialta** – 2013/2014 ar an mhúinteoir thuasluaite, go n-aontaíonn an Bord Bainistíochta an múinteoir a scaoileadh chun freastal ar an gcúrsa agus go gcomhlíonfar na gcoinníollacha atá riachtanach don bhfreastal seo mar atá sonraithe san Imlitir 0001/2013. Dearbhaím go gcinnteoidh mé go mbeidh an ionadaíocht riachtanach ann in am tráth agus toilím nach n-iarrfaidh mé ar an mhúinteoir freastal ar aon ócáid scoile ar chúis ar bith le linn na dtréimhsí blocscaoilte.

**Caithfidh cóip den Teastas Clárúcháin Múinteora nó Litir Dheimhnithe Clárúcháin a bheith in éineacht na foirme seo.**

**SÍNITHE:**

(Príomhoide)

**DÁTA:**

**COMHSHÍNITHE:**

(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

**DÁTA:**

*Cosaint Sonraí*

*Caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí ar fad a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm seo go rúnda agus bainfidh sé úsáid astu don chúis atá beartaithe agus don chúis sin amháin. Ní nochtófar an fhaisnéis ach mar a cheadaíonn an dlí nó do chúiseanna liostaithe i gclárú na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) - Tag 10764/A.*

*Caithfidh na coláistí liostaithe laistigh den cháipéis seo leis na sonraí ar fad a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm seo go rúnda agus bainfidh siad úsáid astu don chúis atá beartaithe agus don chúis sin amháin. Ní nochtófar an fhaisnéis ach mar a cheadaíonn an dlí nó do na cúiseanna liostaithe ina gclárúithe faoi seach.*

*Má tá an fhaisnéis atá curtha ar fáil agat le húsáid do chúiseanna seachas na cinn atá luaite i gclárú na Roinne nó na gcoláistí (mar is cuí) leis an CCS lorgófar cead uait.*